

CAB A DUSÁIN.

Cab a dusáin an Ghaedhilge atá ar an bhfocal Dwarf. Focal eile Gaedilge le na aghaidh greasaidhe na sgillinge ach go bhfuil greasuidhe na sgillinge níos lúgha ná cab a dusáin. Cineál eile sead ceann ordóige ach sé seo níos lúgha aríst ná greasaidhe na sgillinge.

Tá spaga faoi mhuinnéal ghreasaidhe na sgillinge agus dhá neirigheóchadh leat breith air agus an spaga a bhainnt dhe ní bheidhfhead go deo gan airgead. Ní bheadh sa spaga ach sgilling san iarra ach níl aon uair dhá mbainfheá an sgilling as nach dtiofadh ceann eile ann ina leabaidh.

Sé ceann ordóige an ceann is mó a bhfuil droigheacht aige acab. Sé a chuir deireadh leis na Fianna nuair a chuir sé ialach orrthab a chéile a mharbhughad leis na punananacha.

20/3/32.